CINNEADH (AE) [2022/134] ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 19 Eanáir 2022

lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le tarchur faisnéise maoirseachta ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig údaráis agus chuig comhlachtaí chun na cúraimí arna dtabhairt dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle a chomhlíonadh (BCE/2022/2)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, chun cuidiú le chéile na cúraimí a thig ó na Conarthaí a chur i gcrích, agus le hAirteagal 13(2) den Chonradh céanna ceanglaítear ar institiúidí an Aontais comhar dílis frithpháirteach a dhéanamh. Le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) comhar a dhéanamh le húdaráis agus comhlachtaí eile náisiúnta agus Aontais.

(2) Chun go gcomhlíonfaidh BCE Airteagal 3 agus chun go ndéanfaidh sé na cúraimí a thugtar dó le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a chur i gcrích, is gá dó faisnéis mhaoirseachta atá ina sheilbh aige a tharchur chuig údaráis agus comhlachtaí náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta.

(3) Faoi Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, féadfaidh BCE, chun na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán sin a chur i gcrích agus laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a leagtar amach i ndlí ábhartha an Aontais, faisnéis a mhalartú le húdaráis agus comhlachtaí náisiúnta nó Aontais i gcás ina gceadaítear le dlí ábhartha an Aontais d'údaráis inniúla náisiúnta faisnéis a nochtadh do na heintitis sin nó i gcás ina bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le nochtadh den sórt sin faoi dhlí ábhartha an Aontais.

(4) Tá imthosca ann freisin faoina dtarchuireann BCE faisnéis mhaoirseachta chuig údaráis agus comhlachtaí de bhun oibleagáid faoi dhlí an Aontais. Mar shampla, faoi Airteagal 80 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá oibleagáid ar na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an fhaisnéis uile a mheastar a bheith ábhartha maidir le hionstraimí caipitil nua arna n-eisiúint chun cur ar a chumas faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na n-ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag institiúidí ar fud an Aontais a chur ar aghaidh chuig ÚBE.

(5) Agus faisnéis mhaoirseachta á tarchur chuig údaráis agus comhlachtaí, déantar talamh slán de go ndéanfar measúnú, a bhaineann le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar do BCE le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ar oiriúnacht an tarchuir sin.

(6) Dá réir sin, is gá rialacha comhchoiteanna a leagan síos maidir le faisnéis mhaoirseachta atá ina sheilbh ag BCE a tharchur chuig údaráis agus chuig comhlachtaí, ar rialacha iad a fhéadfar a chomhlánú le meabhráin tuisceana nó le foirmeacha eile d'ionstraimí déthaobhacha nó iltaobhacha a bhaineann leis an tarchur sin arna dtabhairt i gcrích ag BCE leis na húdaráis nó na comhlachtaí sin.

(7) Ba cheart na rialacha comhchoiteanna a leagtar síos sa Chinneadh seo a bheith gan dochar d'fhorálacha ionstraimí eile lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le catagóirí áirithe tarchuir faisnéise maoirseachta chuig údaráis agus chuig comhlachtaí. Tá feidhm aige sin, mar shampla, i ndáil le meabhráin tuisceana, ina bhfeidhmíonn BCE a lánrogha bheartais agus ina ngeallann sé faisnéis a tharchur chuig údaráis nó comhlachtaí faighteacha sonracha.

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Thairis sin, níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha comhchoiteanna a leagtar síos sa Chinneadh seo maidir le tarchur faisnéise maoirseachta atá á rialú le creataí dlíthiúla éagsúla, amhail faisnéis a nochtadh d'údaráis imscrúdaithe choiriúil, do choistí fiosrúcháin pharlaimintigh agus d'iniúchóirí stáit. Mar sin féin, féadfar tarchur sonraí pearsanta a chumhdach freisin faoi raon feidhme an Chinnidh seo.

(8) Tá discréid bheartais ag baint leis an gCinneadh seo agus le hionstraimí eile lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le tarchur faisnéise maoirseachta. Dá bhrí sin, ba cheart iad a ghlacadh faoin nós imeachta neamhagóide a leagtar síos in Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

(9) Is iad na comhaltaí foirne atá freagrach as an tarchur sin a fhormheas, de réir mar a chinnfidh an Bord Feidhmiúcháin, ba cheart na rialacha a leagtar síos sa Chinneadh seo agus in aon ionstraimí eile maidir le catagóirí áirithe tarchuir faisnéise maoirseachta a chur i bhfeidhm. Faoi Airteagal 11.6 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, is é an Bord Feidhmiúcháin atá freagrach as gnó reatha BCE. I dtaca leis sin, foráiltear le hAirteagal 10.1 agus le hAirteagal 10.2 de Chinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach ([3]) go dtagann gach aonad oibre de chuid BCE faoi stiúir bhainistíochta an Bhoird Feidhmiúcháin. De bhun Airteagal 13m.1 de Chinneadh BCE/2004/2, tagann cúraimí maoirseachta faoi chuimsiú inniúlacht an Bhoird Feidhmiúcháin maidir le struchtúr inmheánach agus foireann BCE.

(10) Tá an Cinneadh seo gan dochar do na rialacha maidir le tarchur faisnéise maoirseachta atá ina sheilbh ag BCE chuig údaráis agus comhlachtaí eile nó atá ina seilbh ag na húdaráis inniúla náisiúnta de réir bhrí Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Ní mór tarchur faisnéise maoirseachta atá ina sheilbh ag BCE chuig údaráis agus comhlachtaí nach dtagann faoi raon feidhme an Chinnidh seo a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta cinnteoireachta iomchuí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an gCinneadh seo rialacha comhchoiteanna maidir le tarchur faisnéise maoirseachta atá ina sheilbh ag BCE chuig údaráis agus comhlachtaí a shainmhínítear in Airteagal 2(2).

2. Tá an Cinneadh seo gan dochar do rialacha maidir le tarchur faisnéise maoirseachta atá ina sheilbh ag BCE chuig údaráis agus comhlachtaí eile nó atá ina seilbh ag na húdaráis inniúla náisiúnta de réir bhrí Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "faisnéis mhaoirseachta" aon fhaisnéis rúnda atá ina sheilbh ag BCE, a ndéantar talamh slán de ina leith, le tarchur na faisnéise sin chuig údaráis agus comhlachtaí, go ndéantar measúnú, a bhaineann le cur i gcrích na gcúraimí a thugtar do BCE le Rialachán (AE) 1024/2013, ar oiriúnacht an tarchuir sin;

(2) ciallaíonn "údaráis agus comhlachtaí" údaráis agus comhlachtaí náisiúnta, Aontais agus idirnáisiúnta, cé is moite d'údaráis inniúla náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, arna sainaithint san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(3) ciallaíonn "cinneadh cúraimí a shannadh" cinneadh lena sannann an Bord Feidhmiúcháin d'oifigeach imréitigh tarchuir cúram chur i bhfeidhm na rialacha a leagtar síos sa Chinneadh seo agus/nó, de réir mar is iomchuí, na rialacha sonracha a leagtar síos in ionstraimí is infheidhme maidir le catagóirí áirithe tarchuir faisnéise maoirseachta;

([3]) Cinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (IO L 80, 18.3.2004, lch. 33).

(4) ciallaíonn "imréiteach tarchuir" formheas a dhéanamh ar fhaisnéis mhaoirseachta a tharchur chuig údaráis agus comhlachtaí arna thabhairt ag oifigeach imréitigh tarchuir agus an Cinneadh seo á chur i bhfeidhm agus/nó, de réir mar is iomchuí, ionstraimí lena leagtar síos rialacha sonracha is infheidhme maidir le catagóirí áirithe tarchuir faisnéise maoirseachta, de bhun cinneadh cúraimí a leithdháileadh, á gcur i bhfeidhm.

Airteagal 3

Rialacha comhchoiteanna maidir le tarchur faisnéise maoirseachta

1. Tarchuirfidh BCE faisnéis mhaoirseachta chuig údaráis agus comhlachtaí, más rud é:

(a) go n-údaraítear, leis an dlí is infheidhme, faisnéis mhaoirseachta den sórt sin a tharchur chuig na húdaráis agus na comhlachtaí sin agus go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos don údarú sin;

(b) go bhfuil an fhaisnéis mhaoirseachta leormhaith, ábhartha agus nach bhfuil sí iomarcach ó thaobh raon feidhme de i ndáil le cúraimí na n-údarás nó na gcomhlachtaí ábhartha sin; agus

(c) nach bhfuil aon chúiseanna sáraitheacha ann go ndiúltófaí faisnéis mhaoirseachta den sórt sin a nochtadh i ndáil leis an ngá atá ann aon chur isteach ar fheidhmiú agus ar neamhspleáchas an tSásra Aonair Maoirseachta a sheachaint, go háirithe trí chur i gcrích a chúraimí a chur i mbaol.

2. Más dealraitheach go bhfuil cúiseanna sáraitheacha ann go ndiúltófaí faisnéis mhaoirseachta dá dtagraítear i mír (1)(c) a nochtadh, déanfaidh an Chomhairle Rialaithe cinneadh maidir le tarchur faisnéise maoirseachta, agus an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 á leanúint aici.

3. Tá na rialacha comhchoiteanna a leagtar síos i mír 1 gan dochar d'aon rialacha sonracha dá dtagraítear in Airteagal 4.

Airteagal 4

Ionstraimí lena leagtar síos rialacha sonracha

Tá an cinneadh seo gan dochar d'ionstraimí eile ina leagfar síos rialacha sonracha nó comhlántacha maidir le catagóirí áirithe tarchuir faisnéise maoirseachta chuig údaráis agus chuig comhlachtaí.

Airteagal 5

Imréiteach tarchuir

Beidh sé de fhreagracht ar oifigigh imréitigh tarchuir tarchur faisnéise maoirseachta ag BCE a fhormheas agus cuirfidh siad i bhfeidhm maidir leis sin na rialacha a leagtar síos sa Chinneadh seo agus/nó, de réir mar is iomchuí, aon rialacha sonracha a leagtar síos sna hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 4, de bhun cinnidh cúraimí a leithdháileadh.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 19 Eanáir 2022.

Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Údarás nó comhlacht faighteach	Tuairisc agus bunús dlí
An Coimisiún Eorpach	Airteagal 32 de SSMR ([1])
An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme, an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach	Airteagal 53(2) de CRD ([2]) i gcomhar le hAirteagal 35(1) de Rialachán ÚBE ([3]) nó le hAirteagal 80 de CRR ([4]), Airteagal 15 de Rialachán BERS ([5]) Airteagal 9a de Rialachán ÚBE
Údaráis maoirseachta stuamachta náisiúnta san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) maidir le nósanna imeachta cáilitheacha sealbhaíochta agus ceadúnaithe nó nósanna imeachta eile dá dtagraítear sa reachtaíocht ábhartha	Airteagal 56 agus Airteagail 16(3), 24(2), 50(4) de CRDagus forálacha coibhéiseacha i ndlí an Aontais, go háirithe Airteagail 26 agus 60 i Sócmhainneacht II ([6]) agus Airteagail 11 agus 84 de MiFID ([7])
Údaráis inniúla agus réitigh náisiúnta atá rannpháirteach i gcoláiste stuamachta faoi CRD, nó i socruithe faoi FICOD nó grúpaí bainistithe géarchéime Cuimsítear sa chatagóir sin malartú faisnéise laistigh de choláistí stuamachta faoi CRD agus faoi FICOD agus grúpaí bainistithe géarchéime chomh maith le nuashonruithe bliantúla neamhroghnacha agus deireadh a chur le socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn, socruithe comhordúcháin faoi FICOD agus socruithe comhair le haghaidh grúpaí bainistithe géarchéime	Airteagal 116 de CRD maidir le socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn; Airteagal 11 de FICOD ([8]) maidir le socruithe ilchuideachta airgeadais; Airteagail 90, 97 agus 98 de TTRB ([9]) le haghaidh socruithe comhair a bhaineann le grúpaí bainistithe géarchéime; Airteagail 88 agus 90 de TTRB le haghaidh socruithe i scríbhinn le haghaidh coláiste réitigh.
Na húdaráis ar cuid iad de choláiste an Chomhraic in aghaidh Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta (AML/CFT)	Airteagal 117(5) de CRD (le haghaidh údaráis mhaoirseachta AML/CFT agus aonaid um fhaisnéis airgeadais agus téarmaí rannpháirtíochta arna dtabhairt i gcrích don choláiste sonrach AML/CFT). Maidir le malartú faisnéise le húdaráis eile atá rannpháirteach sa choláiste, d'fhéadfadh bunús dlí eile a bheith ann (nóta: déantar coláistí AML/CFT a rialáil le treoirlínte comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus páirtithe eile chun críche Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]); níl na treoirlínte sin dírithe ar BCE).
Údaráis mhaoirseachta AML/CFT a shínigh an Comhaontú Iltaobhach maidir leis na módúlachtaí praiticiúla chun faisnéis a mhalartú de bhun Airteagal 57a(2) de Threoir (AE) 2015/849 (dá ngairtear 'Comhaontú AML' anseo feasta)	Airteagal 117(5) de CRD, Airteagal 3(4) agus (5) de Chomhaontú AML
Údaráis mhaoirseachta AML/CFT agus aonaid um fhaisnéis airgeadais na mBallstát	Airteagal 117(5) de Threoirlínte CRD agus ÚBE maidir le comhar agus malartú faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid um fhaisnéis airgeadais faoi Threoir 2013/36/AE (EBA/GL/2021/15) ([11])

Údaráis náisiúnta mhargaidh san Aontas agus in LEE	Airteagal 56 de CRD
Maoirseoirí náisiúnta árachais san Aontas agus in LEE	Airteagal 56 de CRD
Scéimeanna ráthaithe taiscí, scéimeanna cosanta conarthacha nó institiúideacha, údaráis iomaíochta	Airteagal 56 de CRD, nó an dlí náisiúnta lena gceanglaítear tuairim a fháil ón maoirseoir stuamachta
Údaráis náisiúnta réitigh san Aontas agus in LEE	Airteagal 56 de CRD
Maoirseoirí náisiúnta macrastuamachta le haghaidh cúraimí lasmuigh de raon feidhme Airteagal 5 de SSMR	Airteagal 56 de CRD
Iniúchóirí reachtúla institiúidí suntasacha	Airteagal 56(f) de CRD Treoirlínte ÚBE maidir le cumarsáid idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus an t-iniúchóir reachtúil nó na hiniúchóirí reachtúla agus an gnólacht iniúchóireachta nó na gnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann an iniúchóireacht reachtúil ar institiúidí creidmheasa (EBA/GL/2016/05) ([12])
Údaráis náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar mhargaí airgeadais má ainmnítear iad faoi Airteagal 24(1) i dtaca le hAirteagal 24(4)(h) de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) **(forfheidhmitheoirí cuntasaíochta)**	Airteagal 56 de CRD
Údaráis náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil sé de chúram orthu iniúchtaí reachtúla a dhéanamh ar chuntais institiúidí, gnóthas árachais agus institiúidí airgeadais (forfheidhmitheoirí iniúchta)	Airteagal 57 de CRD
Údaráis náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na comhlachtaí a bhfuil baint acu le leachtú agus féimheacht institiúidí agus le nósanna imeachta comhchosúla eile	Airteagal 57 de CRD
Údaráis náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar scéimeanna cosanta conarthacha nó institiúideacha dá dtagraítear in Airteagal 113(7) de CRR	Airteagal 57 de CRD
Údaráis nó comhlachtaí náisiúnta atá freagrach de réir dlí as sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí a bhrath agus a imscrúdú	Airteagal 57 de CRD
Údaráis náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta	Airteagal 58 de CRD
Comhlachtaí idirnáisiúnta (an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, an Banc Domhanda, an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais)	Airteagal 58a de CRD, cé is moite de chomhroinnt sonraí (e.g. modúil na gCaighdeán Teicniúil Cur Chun Feidhme) le haghaidh tástálacha struis

Údaráis maoirseachta stuamachta i dtríú tíortha	Airteagal 55 de CRD Malartú faisnéise i gcomhréir le socruithe (meabhráin tuisceana (MoUnna), socruithe comhordúcháin agus comhair i scríbhinn (WCCAnna), comhaontuithe comhair trasteorann institiúidsonracha (CoAganna) arna bhforbairt ag grúpaí bainistithe géarchéime (CMGanna), socruithe réitigh i scríbhinn (WAnna) etc.) nó comhaontuithe ad hoc
Údaráis náisiúnta mhargaidh, árachais nó údaráis chomhchosúla i dtríú tíortha	Airteagal 55 de CR Dagus socruithe is infheidhme (MoUnna, WCCAnna, CoAganna, WAnna etc.) nó comhaontuithe ad hoc
Údaráis mhaoirseachta AML/CFT agus aonaid um fhaisnéis airgeadais i dtríú tíortha	Airteagal 55 de CRD agus, i gcás inarb ábhartha, meabhráin tuisceana nó socruithe eile comhair
Údaráis réitigh i dtríú tíortha	Airteagal 55 de CRD, Airteagail 97 agus 98 de TTRB, maidir leis na socruithe is infheidhme

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

([2]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338) i gcomhar le rialacháin cur chun feidhme AE.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, p. 1).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (IO L 331, 15.12.2010, p. 1).

([6]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

([7]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([8]) Treoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 79/267/CEE, 92/49/CEE, 92/96/CEE, 93/6/CEE agus 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 98/78/CE agus 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1).

([9]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([10]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoiniú sceimhlitheoirí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

([11]) Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag www.eba.europa.eu.

([12]) Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE.

([13]) Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).